ÉRIU

Founded as the

Journal of the School of Irish Learning

Devoted to Irish Philology and Literature

VOL. X

DUBLIN
ROYAL IRISH ACADEMY, 19 DAWSON STREET
HODGES, FIGGIS, & CO.
LONDON: WILLIAMS & NORGATE
1926-28

Tug Mumhain do mhac a mhná . an tslat dar chubhaidh an[1] **cró**
doba[2] creach is a chúl ria . muna beth Día na ndúl dó.
Ní lugha a ghég Bhaí do-bearair . a séd[3] **craí** na dheaghaidh dhuit.[4]

[*Only in P*]

Gan **chráoithe** do dhénuimh dhúinn . gan dráoithe re déghuin[5] néll.

88. [6]**RÓD,** don ród, méd an róid, na róid, na róide, dona ródaibh, dona róidibh, méd na ród, méd na róideadh, féch[7] róda 7 róide.

Ród rád, fód, fád, inann ghabhaid[8], [b]cirt ar a comhair aca[b].

Fada na **róide** gu Róimh . ní[9] móide aga mh'anóir[10].
Ní bhía[11] grádsa ar bhúachail bó[12] . dá[13] ró an **fádsa** Túathail tú.
[b]A inghean Aonghasa an óigfir[14] . t'aolbhasa[15] fa **fáidibh**[16]
[b]an eas do-ní gach ní ar éigin . bí ar mo leas gu láidir.

89. [17]**OIGHIR,** don oighir, mac an oighir, na hoighir[18], dona hoighribh[19], meic[20] na n-oighreadh, marbh[21] oighre, 7 adubhradh gurub íad na hoighre[22] 7 mar ghabhus as[23] .c. ann.

Oighir eighir, Céiteamhain .f., inonn ghabhaid.

Arna oidhidh[24] a ngliaidh Ghall . clann Bhríain is[25] **oighir** don fionn[26].
Aoibhinn mh'aisling a nEamhain . a maidin[27] chiúin **Chéiteamhain.**

90. [17]**FEART** (ón úaigh), don firt, don feart, méd an fearta, na fearta, dona feartaib, méd na bhfeart, sir fearta abháin.

Ocht troighe an **feart**[28] fa bfoile[29] . seacht troighe in gach **feart** eile[30].
Ní dhechaidh dér a richt ríamh . nár fégh clíar ós t'**firt** a Aodh.

91. **FLAITH,** don flaith, mac an flatha [ó chiort P], mac na flatha [ó chanamhuin P], na flaithe, dona flaithibh, meic[31] na bhflaitheadh, marbh[32] flaithe [33]mac na flatha .l. moladh na dhíaigh ó nach fuil féin acht do chanamhain, mac na flatha moire .l.[33]

---

[1] a P [2] dob*udh* P [3] an séd P [4] doit C[2]
[5] dúighuin P [6] *om* H [7] gabh C[2], gan P
[8] iad P [9] bhú C [10] mánóir C[2], monóir P [11] bhí P
[12] mbó P [13] go P [14] óigir C [15] -bhósa C
[16] fáidibh CC[2] [17] *om.* HP; *cf.* § 95 [18] oighir C
[19] oighribh C [20] mic C [21] iar C[2] [22] oighre C
[23] budh C[2] [24] oighidh C, oidhigh C[2] [25] dob C[2]
[26] fonn C[2] [27] madain C[2] [28] san (s *del.*) bf*eart* C[2]
[29] bfuile C[2] [30] sgach f*eart* oile C[2] [31] mic C
[32] fech C[2], gan P [33-33] .l. moladh .b. ar flaith (air) HP

Cuirn chlach n-úaine re n-aghaidh . gúaille na **bflath** re froighidh[1] .l.
Atáid **flatha** sa bfuil uime . nach racha tuir Chuille am cheann .l.
Mac na **flatha** gile ó[2] gháol . tighe a táobh lacha do lín .l.

[*Not in* CC[2]]

Ó nach tig dím aithe mh'huilc[3] . na **flaithi** as dír dá dhíghuilt .c.

92. [4]**SÚIL,** don tṡúil, méd na súla, na súile, dona súilibh, méd na súl, féch[5] ṡúile, [a]méd na súileadh[6], ní fuil ceart na aghaidh, [b]7 adeirthear nach cóir hé ar a dhobhinne[ab].

Re hÉmann atám[7] ag tnúdh . némhann ar lár a lethṡúl .l.
Mac Úna atám ar a thí . ní rí[8] mo lán **súla** acht sé .c.

93. [9]**ADHAIGH,** don oidhchi méd na hoidhche[10] na hoidhchi, dona hoidhchibh, méd na n-oidhcheadh, sir[11] oidhchi.

A tigh bhrughadh dh'íath Uisnigh[12] . triath Uladh an **adhaigh**sin[13].

94. [14]**UBHALL,** don ubhall, méd an ubhaill, na hubhla, [15]dona hubhlaibh, méd na n-ubhall, gad[16] ubhla[15].

Cnúas cumhra[17] nar chóir[18] do bhoing . dob[19] ubhla óir na **hubhaill** .l.

95. **EISRÍAD,** don eisríad, méd an eisríada, na heisríada[20], [21]dona heisríadaibh, méd na n-eisríad, croith[22] eisríada[21]

[23][Reimíadh, roimíadh, rímh]iadh, soimhíadh, dímhíadh, inand ghabhaid[24].

An Tadhg do mhallach Mac Líag . do chraith[25] badhbh air a **heisríad**[26]
[b]gun Tadhg do bheannach do bhí . gach teallach ard fa uirrí[27].
[a]Urraim dhóibh ní[28] **doimhíadh**[29] d'íir . coimbind[30] nglóir coimhíal gcroidheadh[31].
[ab]Nodlaig do bhádhas ag Brian . gum shochar is gum **ṡoimhíadh**[32].

---

[1] flath risin bfroighidh C [2] oa C[2] [3] an uilc P
[4] H *gives* súil *and* Flaith *in one paragraph.*
[5] íar H, gan P [6] 7 *add.* C, .l. ar a ghráinne *add.* P.
[7] ga tam H [8] rígh C [9] *om.* HP [10] óidhchi C
[11] siobl- C[2] [12] -idh C [13] aghaidhsin CC[2] [14] *om.* H
[15–15] 7 mar sin sis C [16] gan P [17] cubhra C[2]P
[18] na chóir C, *nach* .c. C[2] [19] is C[2] [20] eisriada C
[21] 7 mar sin C [22] íarr H, gan P
[23] C *omits the portion in brackets.*
[24] inand iat 7 na hanmanna so sis gen gu comfada H, tingheall ionann 7 so síos gion go comhfada iad P, *then come the monosyllabic nouns.*
[25] croith C[2]H [26] arna eisríadh C [27] urri C
[28] nior P [29] dombiadh C [30] coimhíal CP
[31] gcoigeadh C [32] ṡomhiadh C

Gar dhúthcha[1] dháibh **remhíadh** roimhe . seinfian[2] Chláir Thoighe
Dá Thí.
[3]Nír chaiti deit **rimhíadh** rinn . a mheic Íríal Í Uiginn.

[*Only in P*]

Do-beir sgath chuille ar an cconách . bal an uisgi a **heisríad.**

Mían, tríall, ríar, grían (na habhann), rían, míadh, gíall (doit), díall deall (rit), íc, císa[a], lích, íath, tríath, fíadh (ó dhá chéill)[a], coll call (ón phearsain), snímh, gnímh[4], rímh, lídh, meall, geall (ón phearsain), fín (acht canamhain aige), [5]díon[b], díol[5], díth[a], lugh[a] (ón luighe), logh (ó dhá chéill)[6], modh (ón bhés)[7], tol, tart, lacht, bladh .f. [ón chlú HP], dul dol, drud drod, brud brod [ón brosdógh C[2]], tlus, gus, eacht, feart[a] (féile), cnicht, micht, firt[a] (féile), cead, cleas, treas (ón ghleó), eas (ón uisge), teacht tocht, locht[a], dath, reacht[a] (ó dhá chéill), smacht, nath, bac, ladh[b], ronn (óir), lóch (an arbha), leas (ó dhá[8] chéill), tosd tasd sosd[a] sasd[a] tocht[b] socht[b], ceard (ón duine), éd, sén, crécht[a], cécht, écht, fégh fía .c. (fé fía .l.)[a], ég, béd, séd, (ón tslighidh[9]), bés, grés, [5]mút mót[5] múd mód, áth, dán, snámh, cnámh[a], fúath, fúacht úacht[a], lúach, Aedh[10], fráoch (catha), bidhg beadhg, ridhg readhg, réd .c. (ráed .l.), cath, drúcht, [a]ríadh (ón phearsain), gean, feadh, eadh, breachd, íarn[11], trácht (na coisi), feart (ón úaigh, acht don firt aige dh'imarcaidh[b])[a], inann gabhaid[12] [a]7 eisríad, cirt[13] ar a comhair aca uile[a]. [snúadh, céd, brúcht .fer., meas, firt fert (ón mirbhail) HP. seas, glés, sdéd, déd, mám, leachd, roth, seadh, seal, triuch, greagh[14] .fer., dream[15], fáth P].

[ab]Caithfe dola ar chreich a gciana[16] . Í Modha a leith **ríara** ribh.
Sgol ina sgoil doi**ríara** . ó[17] **dhol** soin budh soi**dhíla.**
[a]Eóin gá[18] **coll**[19] ad chorrbhruidhin[20] . tonn feóir[21] tar a himdhadhaibh.[22]
[ab]Nead nathrach do-ní do **choll** . a crond bhachlach is í and.
Móide síth **colla** a cháana . nach frith[23] orra a hadmhála[24].

---

[1] Gar dhucha (ducha) CC[2], Nir dhuthca H, Nior thugta P
[2] geilfian H
[3] *om.* C
[4] grímh C
[5-5] *om.* C
[6] gu gerr on luach 7 on luighi HP
[7] bés modh o eincheill araen[b] HP
[8] on da H
[9] echtra H
[10] adh C
[11] íarndocht P
[12] *om.* C, iat H
[13] chirt C
[14] greadh P
[15] *sic leg.*? druim P
[16] chreith a chianaib C
[17] da HP
[18] ghá C
[19] choll CC[2], ccoll P
[20] -ghin CP
[21] óir C
[22] himghadhaibh C, nimd*ad*aibh C[2], hiomdhuighibh P
[23] bhfrith C, bhfrioth P
[24] admhála C

Gé táid[1] na dúile ag **díall** dó . mó do bhiadh dhúinne[2] re Día .l.
[a]Bláth slat ní dhathaigh an dream . ní **dheall** mac re hathair[3] and.
Bean[4] Briain ní ba[5] bean do righ . a ndíaidh a **lidh** ar[6] fear bFáil
[b].l. [a]más fír.[ab]
[ab]Do-béradh dhoidsi a dhlaí **dhín** . tír as foigsi[7] do Laí láin .l. más fír.
[a]Cith a ló grianach gá[8] **gheall** . do **mheall** mianach cnó tré choll.
Logh ris[9] na dúanaibh budh[10] deas . ar son úabhair na n-égeas.
[a]Gilla donn grúadhchorcra **geal** . dá mbean drong lúathmholta **logh.**
[ab]**Logh** ris gach ndúain ar domhan . gan chrodh[11] ar úaim n-ealadhan[12]
Táinic dhínn[13] do chora a crois . do bhrígh in[14] **tola** thugais.
[a]Créd do-bhéradh sí ar a son . **tol** na clí do dhénamh dhamh
[b].l. manab[15] cóir d'indsgne airrchise[b].
[ab]Cead[16] umá mbíadh agá **mbrud** . fear nach rug ar Bhrian nó ar Blad.
Téid[17] sin má[18] ucht is má[18] fésóig - tig **brud**[19] ar a bhánśúil.
[a]Cúairt[20] gan lon ar muin in **mheachta** . gu bfuil ag[21] cor **reachta**
ar róis .l.[22]
[a]Buinne lindghlan[23] láimh re **leas** . gá theas ní[24] háil[25] indladh[26] as.
[a]Cách a chráobh Liag ar do **leas** . do śáor íad ar a n-aimhleas.
Crích Énna[27] do úaigh[28] go[29] himel[30] . ní húair[31] **śéna** d'filleadh é.
[a]Ní léir ar úaigh[28] mér na mná . atá ar a húaim[32] in **fégh fía.**
Do léigis[33] bél an ráoin rú . a bhrú do sgáoil an **fégh fía.**
[ab]Dath na seasga ar a súil mhoill . dath na géisi ar a gúaloinn
[a]uinge ar inghin an **chearda** . d'ingnibh cruinde cródhearga.
[ab]Mór **gus** na géige mon[34] **ngnímh** . sidh sa **dtlus**[35] mbréige do-bhér.
[a]As é a chairde ar fear **fína** . **feadh díla**[36] airgne úadha[37]
[b].c. ón adhbhar sin[b].
[a]Fearg íarla ní hinchombair[38] . gu searg **íarna** t'eachraidheadh.
[a]Ní fúair fear a dhingmhála . 's do-chúaidh **eadh** a foghbhála.
[a]Gin gu fuil sé ar mhúr na mná . atá ar a rún an **fé fía** .l.
[ab]Slúaigh na **sosd** sith a mBanbha[39] . ar n-úaim crích ar cosg foghla.
Muileann gach áon**áith**[40] ar abhainn . máoláith[40] gacha muilinn .l.
Do línfadh clar mínláir meamraim . an lán sí**dháin** dhealbhaim dit[41] .l.

---

[1] ataid C²H [2] dhúine CC² [3] athair C
[4] Raith H [5] bhúdh C [6] a C [7] foisgi C²
[8] dhá C [9] res P [10] bú C [11] cradh C
[12] nelaghan C [13] dhin C
[14] *sic* H, na CP, na *corr. to* an C² [15] munab C²
[16] Cid C² [17] Tig P [18] fá H [19] brut P
[20] Cuaird P [21] a CC² [22] mas fíor *add.* P
[23] lionnghlan P, fionngl- C² [24] re treas nach P
[25] áil CP [26] indla C [27] éna CC² [28] fuaigh HP
[29] gó a H [30] imel C [31] ni fuair C, nirbh uair H
[32] uaimh C [33] leighis C [34] mun C²
[35] san tlus C² [36] ríomha P [37] i énna P
[38] hionchur- P [39] mb*h*anb*h*a C [40] -áth C
[41] dít C, dhuid H, dhuit P

Beiridh úatha tochta a dteach[1] . **lúacha**[2] lochta na lethbhreath[3].
[ab]Íoc a ḟola as airde[4] a cách . gnáth a chairde[5] ag dola a ndíth.
Doba[6] **bidhg** anchuir d'ollamh . an **ridhg** anfaidh úaramar[7].
[a]Bidhbha lé a chaidreabh do chealg . na aigneadh ní himdha[8] **ridhg**
[a]ag snámh ar sruth ḟinnghlan ard . Tadhg[9] re[c] guth mbidhbadh ní[10] **bidhg**.
[a]Máol finnEachluinn a **fíadh** Grég . ag **ríadh** sdéd n-ingeanchruinn n-óg.

[*Not in C C*[2]]

Do tennadh le digh **ndrúchta** . idh[12] dúnta um cheangal céchta.
Dimbúan ón **brúcht** bánṡoillsi ∴ in **drúcht** innfúar álainnsi.

[*Only in P*]

Sealg gliadh ag an chrúisin Chéin . **fíadh** Néill no gur dhúisigh dóibh.
Maighre geal re **grían** na sreibhe . do lean an ghrian eile é.
Adhaigh[13] re n-imtheachd ar **séd** . gabhaidh **ég** mar inntleachd iad.
Tig do bhuing bhéime ar do **bhladh**[14] . druim do char re a ḟéili d'ḟíor.
As cloch **ṡéda** an **feart** ía bfuil . no **céda** ag **teachd** dar thiomsuigh.
A radharc úama do imdhigh . malart **snúadha** ar ingbin as.
Fúigfidh smál borb an bhrátha . bord gach **átha** lán lúatha.
Soidhíola do Mhac a Mhuire . slat doiṡníomha an duine dhó.
Ná lí Theamhruigh ar ó tTáil . ní náir dhí leanmhuin a **lídh**.
Drud úaibh ar fud an tochair . **drud** a fothuin chúain chluthair.
Níorbh iongnadh a labhr[a] leasg . a measg biodhbhadh tarla a **ttosd**.
Ní bhí a **ttochd** go teachda a ṡlúaigh . gan bhúain **eachda** do ghort gháidh.
Ní na **thosd** atá dá dheóin . an lá reóidh ag cosg an chúain.
Béd ar ttreóin do tháirreachduin . do bhrég dheóir ón dílleachduigh.
Deallaidh a clann re céile . béinne call earruigh úaine.
D'Ó Chealluigh ní beanta ba . **fearta** an bheannuigh ní beaga.
Cróch do-chúaidh na chamóguibh . mar **lóch** úaibh tré ḟuinneóguibh.

96. **TAL,** don tal, méd an tail, na tail, dona talaib, méd na tal, íar[15] thala.

Tal, bal, sal[a], salt[a], cat, orc arc, cosg casg, alt[a], falc, mart, Art, brath [gerr[16] H], lúan, gúal, úan, rós, pór, Pól, tál [an tsáoir P], clár, pár, sál (an mhara[17]), ágh[ab], sdán, sár, tár, áer, cláen, [raon C[2]], dael, fraech (an tsléibhe), saor, maor, láogh, sódh (ón impódh), clódh cládh (ón phersain), ór, glór glár, [a]fúan, búar, cnúas[a], cúadh, cúan (ón fairge[b], acht canamhain aige)[a], túar túr (in ghuirt)[a], túr

---

[1] astteach P
[2] luatha CP
[3] litreach P
[4] aird C
[5] an cairde C[2]
[6] Do bhean P
[7] úarambar C, fúaramar P
[8] ni híumgha C, as iomdha P
[9] tug C
[10] bidhbhumi C
[11] Maoil CC[2]
[12] igh H, ig P
[13] Agh- P
[14] bhlagh P
[15] tug C[2], tug ... lat H, gan P
[16] go gearr P
[17] mhar C

súr (ón íarraídh), úr (ó dhá chéill)[a], brúdh, fudh[b], crúdh[a] (ó dhá chéill)[b], triúr, liúdh, iúl eól, diúl deól, breódh, sgeódh, leódh, gleódh (ó dhá[1] chéill), srían, fíar[a], Níall, Cían, míach (arbha)[a] [2], gíall [ó dhá chéill P], íasg, fál, mál, grán, lár, Dál[a] (gCais, acht sé gan illradh[3]), fadhb[4], Tadhg, bard, tarm, arm, arg, cur, sgur[5] (an eich), sbarr, barr, marbh, carn[a], fann, bás, bád (acht indsgne .b. and), dódh[6], óg ág [ó énchéill H], lód [lógh HP], slúagh[7] slógh, rón, lón, all, allt[8], bann[a], tásg, slán, easlán, trén (ort[5]), édtrén, ládh[a] (ón ladhar), línn[9] (ón abhainn[10]), pus[a], glas, brón, smól smúal [smál P], inand 7 so[11] sís, [12]acht so sís[12] do .b. dhá n-imarcaidh, tarr, *dalbh, smál, sreódh, sgíath, gas, smúas, úall .f. (ón úall innud*[13], 7 do .b. ón ghuth), blaosg [pláosg P], cúan (na[14] con), inann ghabhaid, ard, balbh, mór [a]an tráth as .f. na triúr ó chéill mholta inann 7 tal[a].

[*Only in P*]

balc, bán, dáor, dúal, banbh, carr, súan, fúar úar, luadh (ón iomrádh), fán, líon, rúsg. úsg, son, don, ríasg, cíar, táosg, bádh, cáomh, leasg (an tráth as .fer.).

Gu ndeach mé san[15] magh[16] neamhdha . mas é **tal** mo[17] Thigherna.
Dar lat nocha **bal**[18] beandacht . damh ceandacht don mhac mhallacht.
Mo[19] ghuin doba aimhdheas[20] d'**arm** . ná cuir **dalbh** na[21] aimhleas orm.
Gach dúil bhalbh a fuil foghar . muir dhá[22] mholadh **tarm** teineadh.
[ab] Alainn[23] snúadh do chéibhe caime . réidhe[24] in ghrúadh is[25] fainne in folt .l.
[ab] Anaid ar cúlaibh crand[26] sean . ar **sbarr** dúnaidh fa dereadh .c.
Ní théid cridhe dúinte dall . tar **sbarr** chúirte nimhe anunn.
Nocha snámh[27] leac bhfúar a[28] **falc** . breac a **cúadh** lán do leamhnacht.
Gá d'ulc bogar an **bhása** . tobar grása a n-uchd Ísa .l.
Fear **bratha** nocha bí ar[29] bhidhbhaidh . acht rí[30] Lacha bindghlain Bó[31] .l.
[ab] Do gheall Séafraidh sáor an luighe . nach géabhthair **áor** dhuine dhó.

---

[1] on da C²H [2] ó dhá cheill P [3] acht gan illradh aigi C²P
[4] fadhbh CP [5] *om.* C [6] dogh dógh MSS
[7] slúadh C [8] alt CH [9] liond *etc.* C²HP
[10] na haband etc. C⁵HP [11] na ceirtsi H
[12-12] *om.* C [13] ionnad P, inand C, ino C² [14] *om.* C
[15] sa CC² [16] mhagh C [17] ma C, an T. C²H
[18] bhal C [19] Ma C [20] ainnleas H [21] no C
[22] ga HP [23] Aille C² [24] reighe C [25] sas C²
[26] chrann C² [27] Nochar ṡnam H [28] le H, re P
[29] ní bhí ar a C, nocha mbí ar a P
[30] rígh C [31] lionnghloin Léin P

[ab]Grísadh a ghrúadh cáomh[1] crithreach . manúar dob[2] **áor** aindlightheach[3].
Trí **sáir**[4] do fulngadh gár[5] bhFlaith[6] . is cunnradh nár cháir[7] do chleith
[8]a thaobh geal do chor[9] fa chloich . dol[10] a gcroich is bean da bhreith.
Adér do **ghlár** mheanmnach mhear . mo theannghuth ar **lár** Laighean.
[ab]**Cúain** roighcala an tíre[11] thoir . oireara míne Murbhaigh.
Atáid **cúain**[12] an chon[13] otraigh[14] . ag dol a[15] **n-úaill**[16] n-imarcaidh[17].
[ab]Meisde do **chúan** na con brici . an chloch úar san uisge.
Bím lá a Corcaigh agá[18] chai . is d'**oṙcaibh** chraí na mná mhé[19].
[b]Ní bhí gan bhuilg d'adhnadh t'[15]ḟeirge . adhbhur **fuidhb**[20] in deilge dít.
[ab]Do dleste cradh ód chúl lag . damh is ní dá **thúr** thánag[21]
[ab]In bean do chrúidh in chéd sgol . is col re n-ég dhúin a dul.
[b]Crích an **triúir**[22] na héntuinn[23] ḟaghla . ó[24] réltuinn **iúil** Bhanbha Bríain.
[b]Mar budh[25] bean í d'éis a **liúidh** . is ciúin do bhí in ghéis ón gréin.
[ab]Fada atám fa **thrén** mo[26] bhidhbhadh . nár gan sgél budh ingnadh ann.
[b]Do ghabh do **ghleódh**[27] a hanaim[28] . tré mhagh dtadhaill[29] **eól** indill[30].
[ab]Re tocht ón **ghleódh** do-ghébha . gort Éna a mbeól a bhúana.
[ab]Mar tṡaltraim ar **úr** indse . acmhainn mo ṡúl ṡilimse.
[ab]Tú is t'fían ag imthecht an **láidh** . mar inntleacht **ngíall** do ghabháil.
[a]Ní raibhe uaimsi acht **mál** meine[31] . d'uaisle san dán reime ríamh[32] (.l. 7 ní ón **mhál**)[b]
[b]Ní díl leis ó **Céin**[33] na céd**ghéill** . gin go **géill** righ **édtréin** iad.
[b]As tú a ghil **tréin** do thoghus . is sibh féin ar bhfoltanus .c.
[a]is tú a thréin ghil do ghonus .l.[a]
[ab]Ná tréig orra **úall** do sgor . léig do longa a[34] **cúan** chluthar[35].
[b]Ar teacht a **tháisg** gu teagh dTáil . do fáisg fear láimh um fhear **n-óir**.
[b]Do folchadh sgath chorcra cheóil . ach is olca na hén**ṡreóidh**[36].
[ab]Omhan dá n-anfa ar a chinn . **linn** blaghtha[37] coradh na cheann.
[ab]Ag sin **salt** na ndámh ndoiligh[38] . a **slán** fa **Art** dh'innsoighidh.
[b]Tar a ais mar do ḟeac[39] call . breac ina **bharr** lais ó **linn**.

---

[1] chaomh C, gcaomh C²
[2] doba C, dobo C²
[3] indlightheach C²
[4] táir P
[5] dar H, ler P
[6] bhfleth C, fleth *corr. to* flaith C²
[7] ni cunnradh as cáir H, a cunnradh nior chóir P
[8] *om.* C, *add. in later hand* C²
[9] chur HP
[10] dul HP
[11] tír C
[12] Atád cuan P
[13] a con H, na ccon P
[14] -idh C
[15] *om.* C
[16] nuall P
[17] imorc- H, iomarc- P
[18] gá C
[19] mé C²HP
[20] fuib C
[21] tánag C²
[22] triúr C
[23] entuinn C
[24] na C
[25] bhudh C
[26] ma C
[27] ar ngleodh H
[28] anaim C²
[29] dtaghaill C
[30] inill H
[31] mine P
[32] dlighe dhíom P
[33] gCéin C²
[34] *om.* C²
[35] gc. cl. C²
[36] enṡreoigh C
[37] laghtha C
[38] -idh C
[39] fech C

[ab]**Slóigh** ṡénta do theilg ó Táil . rélta[1] **smáil** deirg ina[2] díaidh[3].
[ab]Tug gur thóir ort an t-éinḟear[4] . déineamh **smóil** do ghort Ghaídheal[5].
[ab]**A** aithle deighḟear **Dháil** Cais[6] . acht deireadh áir na n-égmais.

[*Not in* CC[2]]

Uaim a chinn re colaind **Míaigh** . gémadh dúthracht lé Jeirfiair[7]
.l. [b]sin. mac Méich as cóir and[b]
[b]Folt mín os maluigh[8] an rígh . samhuil an lín arna **leódh.**

[*Only in* P]

An chreach fúair ní fear do bhraith . bean **bhraith** do-chúaidh ar an ccreich .c.
Dá ró go **hArt** an t-oineach . ní **harc** a ccró chomhoidheach.
Ní mé um áonur nár áomh sgoil . m'áoradh dob **áor** gan ḟachuin.
Seachd ttroighe as úaisle don **úr** . fúm ag loighe[9] ar h'úaighsi a Áodh.
Nocha n-é loighead a **lóigh** . dá' bhfoighead glóir Dé ar an deóir.
Flaith Boirchi ní bhúail an mbéisd . a húaimh **réisg** dhoirchi go ndúisg.

97. **CEÓ**[10] .b. don chíaigh, méd na cíach, na cíacha, dona cíachaib, méd na cíach, íar[11] chíacha.

Ceó, gleó, mí (an tráth is .b. na triúr), dé, cré[a], scé, Cliú Máil (acht gan illradh[12] aice[13]), caí (ón eón), brú, cáisc[14], inand ghabhaid achd nach inand[15] consaine atá ar a ndeireadh[16].

[ab]Mar tá mé fa **chíaigh** chumhadh . rem ré bíaidh ar beathughadh.
Tig do thirmach san **mhí** mhairbh . nach bí achd minṡruth san Modhairn[17]
(.l. [a]san mís mairbh is cóir and nó san mhí mharbh[a])
[a]Na naí **mísa** do bí a mbroinn . doba ri Ísa oroinn.
[ab]Do sgíath dearg mar dháor chaithe . le dealg **sgíach** do sgailfithi.
[a]Teampaill a ndiaidh[18] in deighḟir . le **sgíaigh** ndelgcuirr[19] dúinfidhir.
Gé dho-níad cáithmhe chroebh **sgíach** . bráithre íad ag Áodh Ḟinnlíath.
Fód[20] is caímhe **críadha**[21] daona . dáoine fíala sáora sin.
[ab]Na conganta bhudh cáir damh . náir do **bronn**dalta ar mbráthar.

[*Not in* CC[2]]

[b]Menma rambór slóigh sís . do-chóidh (?) le hanṡógh aon**mhís.**
[b]Cáinid mé mu **mhís** ar . . . . cáinim aris hé dh'Érind.

---

[1] sa rélta C[2] [2] na C[2] [3] díaigh CC[2]
[4] at éinḟear C [5] gháig- C, gaodal C[2] [6] gCais C[2]
[7] le a dheirbhṡiair P [8] -idh H [9] loidhe P
[10] Mí HP [11] sgaoil C[2], gan P [12] illrug- C[2]H
[13] aige C [14] cairc C, mar sin achd a réim ag snamuin innte *add.* P
[15] *om.* C. [16] tig ar a nd. a reim ag dul asda P, érghes orra H
[17] minnṡruth a monghairn C [18] -idh MSS.
[19] ndealgchuirr CP [20] Daoine P [21] criagha C

A dlai dína ón doire **dhíadh**[1] . ní gloine níam fína a hór.
Do bhí adhbhar farbh fúath libh . labradh na **cuach** do chloistin[2].

[*Only in P*]

Dá mbé a **ngliaidh** gníomh doidhénta . do síol mBriain a bharánta.
Ó **chíaigh**[3] anála bhur n-each . creach chamhára bíaidh gan bhrath.
Cúairt Ghall a n-íath anaithnidh[4] . dall **cíach** is dá chomharthuibh.
Giolla agus **cáoi** os a chionn . fionna fionn[5] do bháoi ar a bhonn.
Ionnsa a dháoine toll na tháobh . laogh na **bronn** sáoire sa síol.
Cuirfidh a luchd a Luing **Clíach** . budh uchd ar íath cCuinn a chríoch.
Do-chúaidh mil ar maduin **Chásg** . fan digh ghrásd do chaguin Críosd.

98. **CNÚ CHUMHDAIGH**[6], don chnú chumhdaigh, méd na cnú cumhdaigh, na cnúa cumhdaigh, dona cnúaibh cumhdaig, méd na cnú cumhdaigh, íar[7] chnúa cumhdaigh[8].

Cnú chumhdaigh, cnú chroidhe, cnú choisi (acht na cnúithe coisi[9] 7 mar ghabhus[10]), clú, crú, úa, [ab]ré (in tsaeghail) in tráth is .b. na cethrar, gnaí, dlaí[ab], lí[11], [ab]gné acht a mbeith caol, 7 canamhain ag na trí certaib fá dheireadh 7[ab] clá [ab]mar an cédcheart. cnú chumhdaigh, cnú eile .c. do chomhardadh[ab].

[a]Nochan foil mo[12] **chnú chroidhe** . nó[13] oile a Moigh Mhuile.
Do briseadh cáin do **chnú** n-óir . dámad tóir[14] thú ar dháimh na díaidh[15].
Buinne te cas um Chrúachain[16] . lúachair ghlas de na **dlaíthibh**[17].
Ní fearr leó an lá gréine . as teó iná an **chlá** is crúaidhe.
[a]Ní foghail na **cnúithe cumhdaigh** . domhain tnúithe an ughdair[18] air.

[*Only in P*]

Níor chóir síon achd **clá** agus ceatha . lá Ríogh an bheatha do bhrath.
Cnúa cumhdaigh roinntir rú . ughdair is tú a ccoilltibh cnó.

99. **RÉ** (an duine, an tráth as .b.), don ré, méd na ré, na rée, dona réeibh, méd na réeadh, íar rée.

Ré (an duine), [a]ré (an tsléibhe), ré (an aieóir[19]), an tráth as .b. na triúr[a] [gnaí HP], bí[a], caí (ón ghul), glaí[a], uirrí uirré (ón umhla), anaí, cunntaí cunntae[20], clí, tí, [dlaoi, gné HP, sé (an dísle), lí H], sgáoi, náoi, acht canamhain aca na cethrar[21], [a]inann

---

[1] dhíagh P, *illeg.* H. [2] chluinsin P [3] -idh P
[4] anaidhidh P [5] fíon P [6] -id C [7] bronn C²
[8] chumhdaigh CC² [9] *om.* C, do chanamhuin *add.* HP
[10] sin H [11] lía .b. HP [12] ma C [13] na P
[14] thóir CC² [15] -igh MSS. [16] na chúachaibh HP
[17] H *and* P *give this complet in* § 99 [18] ubhdair CÇ²
[19] aieair C [20] cunntaei C [21] ó chlí anúas HP

ghabhaid[1] [b]7 cnú chumhdaigh acht silla d'imarcaidh ar tháoibhréim[2] illraidhe na n-anmann gcáol[ab].

Gan mo **rési** na **ré** ghirr . a Dhé tar ési hí Oilill.
Uirrí an fuinn dá uirrighaibh . do bhuing **uirrí** n-ainneónaigh.
Tógbhais an crann re corp nDé . a bharr nírbh olc an **uirré**[3].
Ód chéibh ranaí bhuidhe bhuig[4] . luighe na **hanaí** íarmuid.
[a]Éigean a mian dá[5] gach mnaí . srían na **cáoi** do léigeadh lé.
Tug **títhe** bána san Bhearbha . ciche[6] lána ag ealbha fiadh.
Fearthain śnáithe[7] leabhair laí . ní śnáife **naí** um Leamhain lé.
Do seóladh rúaig leathan laí[8] . úaid ar[9] chreachadh na **cunndaí**[10].
[b]Duille beithe a feadhaib faí . a ndeaghaidh chreiche[11] **cunndaí**[12].
[ab]Tángadar dhá trían mo **ré** . córaide m'aithghin d'**uirré**.

[*Only in P*]

Mé ar an bfeart go fuineadh láoi . tearc rem cuireadh san **cunntáoi**.

100. [ab]**DÉNAMH,** don dénamh, méd an dénaimh, méd an dénmha, na dénaimh, na dénma, dona dénmuib, méd na ndénamh, íar dhénmha. [méd na ndénmhadh .l. C[2]].

Frithólamh[13], frithálamh[14], fuláramh foláramh faláramh furálamh forálamh farálamh. guthaidhe leis orra. dénaimh inann 7 a cáol sin.

101. [ab]**DÉINEAMH,** don déineamh, méd an déinimh, méd an déinmhe, na déinimh, na déinmhe, dona déinmhib, méd na ndéinmheadh, méd na ndéineamh, íar dhéinmhe.

Maídheamh, formaitheamh[15] (ó énchéill), maitheamh, caitheamh, feitheamh[16], áireamh, tuireamh, tuilleamh toilleamh, éigheamh, creideamh croideamh, frithóileamh fritháileamh, fuláireamh foláireamh faláireamh furáileamh foráileamh faráileamh[17], guthaidhe leis orra, commaídheamh[18], comháireamh, toiriseamh, airiseamh, inann ghabhaid. déinimh 7 a gcáol sin inann 7 soighidh.

794 Tángus[19] gan **tuireamh** a ghnímh . rímh duilleadh[20] ní rángus ríamh.

102. [ab]**DÍGHBHADH,** don díghbhadh, méd an díghbhaidh[21], méd an díghaibthe, na díghbhaidh, na díghaibthe, dona díghaibhthibh, méd na ndíghbhadh, méd na ndíghaibhtheadh[22], déna dhíghaibhthe.

[1] iad P [2] thaoibh C [3] uire C [4] mb. mb. CC[2]
[5] do P [6] cithche C [7] tsnaithe *etc.* CC[2]P
[8] láe H [9] do P [10] cuntáe H, cunntáoi P
[11] cre*th*e C [12] on cuntai H [13] fritheólamh C
[14] frithealamh C [15] *corr. to* formaidheamh C[2]
[16] *corr. to* feichemh C[2] [17] farail C [18] comaitheamh C
[19] Tanagas C [20] dúileadh C [21] -adh C
[22] ndighghaibhtheadh C

Inbadh, dérghadh, dírghadh dírgheadh, féimdheadh [1], búaidhreadh, cóirgheadh, cáirgheadh, deirgheadh, inann gabaid [2] acht nach comhleathan na ceathra cédanmanna 7 an chuid eile dhíbh.

103. [ab] **TÉRNÚDH**, don térnúdh, méd an térnúidh, méd an térnaídh, na térnaídh, na térnúidh, dona térnúdhaibh, méd na dtérnúdh [3], íar thérnúdha. a bhfuil a n-úr [4] dhá cheinél [5] mar sin. díghbhúdh mar sin.

104. [ab] **CODHNACH** [6], teinnteach, bíatach, [geirteach C[2]], linnteach, slinnteach, seirtheach, leabthhach, cumhthach comhthach, caínnteach caíndeach, cumhachtach, tairrngeartach tarrngartach, cosantach, comhairleach, fuilngeach fulngach, díthreamhach dithramhach, oireach, muireach, túiseach tóiseach taiseach, tearmann, aiseag, [imdeal C[2]] imdeall imteal imteall, tóchar, cróchar, gábhadh, édach (ón éd), sealad seadal sealadh, áladh, áradh, beannach, mallach, inad inadh, imadh imad (ó énchéill), innladh innmhadh [ionnlad, ionnmhad] [7], corcradh 7 a ngabhand [8] leis, inann ghabhaid 7 colam .f.

1795 Beag benas ar n-**imadh** oirne [9] . [10]ingar feabhus choinnle Clíach [10]
Ní foil ann soin acht [11] **sealadh** . [10]meadhar Gall a moigh Mumhan [10].
Liaide dúin ag dul [12] re héigsi [13]

105. [ab] **TINGHEALLADH**, don tinghealladh, méd an tinghealllaidh, méd an tinghealllta, na tinghealllaidh, na tinghealllta [14], dona tinghealltaibh, méd na tinghealladh, méd na tinghealltadh, íar [15] thinghealllta.

Imnighadh imnaghadh, imslánadh, oirrlínadh, imdheargadh, inonn [16].

106. [ab] **MUSGLADH**, don mhusgladh, méd an [17] mhusglaidh, méd an mhusgalta, na musglaidh, na musgalta, dona musgaltaibh, méd na musgaltadh, méd na musgladh, íar [18] musgalta.

---

[1] féimgheadh CC[2] [2] *om.* C [3] dérnudh C
[4] and úr C [5] annr *add.* C [6] Coghn*ach* CC[2]
[7] *add.* C[2] *marg. in later hand* [8] anghabhann C
[9] arnim doirine C [10-10] *om.* C [11] *om.* C
[12] dol C[2]
[13] éigsi C· *The line is probably misplaced. Partially deleted in* C[2]
[14] tinghealt C [15] comhaill C[2] [16] *om.* C
[17] a C [18] dena C[2]

Musgladh [músgladh C2] mosgladh, osgladh, fúasgladh, túasgladh táosgladh, indladh, codladh cadladh, labradh, adhnadh[1], cunnamhnadh condamhnadh, inand ghabhaid.

107. [ab]**FOIRNEADH**, don foirneadh, méd an foirnidh, méd an foirnti, na foirnidh, na foirnte, dona foirntib, méd na bfoirneadh, méd na bhfoirnteadh[2], íar[3] foirnte. [4]gach pearsa ar[4] deireadh a bfuil eabha ea duir gu n-uathadh nó ailm duir gu n-úathadh dá cheinél sin mar sin acht an[5] foirseadh abháin.

Snaidhmeadh naidhmeadh, teibeadh, greiseadh, inann ghabhaid a cirt[6] 7 an foirneadh.

108. **ANNRÓ**, don annró, méd an annró, na hannróa[7], dona hannróaibh[8], méd na n-annró, féch[9] annróa[10] [ab]gu gearr is .c. a deireadh ón táoibhréim úathaidh anúas[ab].

Annró, íargnó íargná íarghnó íarghna, íarmhó íarmúa, lía, clú, crú (ón fuil), úa, ceó, [a]gleó, [b]mí, ré[ab], an trath is .f. na seacht bhfocail sin abhus. eó, reó (dorcha)[11], ró (ón imarcaidh), [ab]Dé Lúain[ab] Dia Lúain inann ghabhaid, acht canamhain acu so sís dá n-imarcaidh, crú crúa (an eich), cló, [a]dó (an dísle[12]), [b]trí, sé [an dísli C2][ab], inann ghabhaid uile.

Ní hí eachtra an **annró** is fearr . na geall[13] teachta a[14] samhló sund.
Ní fuil úadh ann acht a n-**íarmhó** . slúagh Gall ní dá n-**íarghnó**[15] orm.
[ab]Bruidhean[16] núa gá dénaimh dhó . méraidh dá **úa** is dá **íarmó**.
[ab]Tinne an gáol iná an[17] gáol núa . sinne ar-áon nar ndá **íarmhúa**[18].
Dorcha an choill rodhorcha an **reó** . comhartha leó doirr ar Dhia.
Ní léir geal**chrúaithe** a ngregh[19] seang . tar eachlúaithe fear nÉireann.
Crúithe na n-each fillfidhir . le dlúithe chreach Conchabhair.
[a]M'osnadhach ar do[20] **lía** luim . ría ní cosnamhach[21] chongbhuim
.l. [mas fíor, ar do lía lom as .c. ann P]
[b]Na trí **séithe** is tráth dhá tealgadh . atá Éire ar h'urchar[22].
[a]Ar thrí bearaibh dhó dhar ndín . sídh in dearaidh is **ró** ríamh.
Ní gloine a habhaind[23] a heó[24] . a[25] **ceó** mhoighe tadhaill[26] tú.

---

[1] aghnadh MSS. [2] -agh C [3] dena C2
[4-4] 7 gach C [5] *om.* C2 [6] gceirt C2
[7] annroa C [8] annroaib C
[9] fulaing C2, iar H, gan P [10] annró C
[11] on aier H, an aieoir P [12] disne P [13] do gheall C
[14] ar C2P [15] iarmó C [16] Bruighean C
[17] *om.* C2 [18] iarmhó C
[19] gregh C [20] an P [21] cosnadhnach C
[22] at urchar C; H *gives the couplet in* § 99 [23] abaind C
[24] eo C [25] ina H, no a P [26] taghaill C

[*Not in CC*[2]]

Cuilén fíalnúa ar ti Thembrach . **íarmua** na trí tToirrdhealbhach.
[a]Tairrngi **chrúa** ní fill fa eoch . ó Chill Da Lúa go Luimneach.

109. **AINNRÍAS**, d'Ainnrías, mac Ainnrías, na hAinnríasa, dona hAinnríasaibh, meic na nAinnrías, meall[1] Ainnríasa[2].

Ainnrías [Ainndrías P], Naímhías[3], Maithías, Risderd, Roiberd, Hoiberd, Uilleag, Uilliam [Oilliam C[2]], Írial, Gaibhríal acht gu ndearnadh mac Ghaibhríail 7 gan illradh aige.

Gu tarla[4] a lín **Ghaibhríail** ghil . a bhainnliaigh Rígh an ríchidh.
[a]Aimhríar nír ghabhais mád[5] ghoin . do ṡanais ghloin **Ghaibhríal** ghil.
Nír chaite dheit rimhíadh rinn . a mheic **Írial**[6] Hí Uiginn.
[a]Ag súd ón chléith na chlíláimh . ímháigh an sgéith úd **Iríail.**
(l. ó dhá chéill.)
[7]Tig tre fuil dTáil na tendál . do dáil do cruidh fá gcoimmían
seóid ón iuil duitsi as dimbúan . cuisli innfúar d'fuil **Oillíam.**
Tadhg Ó Cobhthaigh .cc.[7]

[*Only in P*]

Ar h'éing a **Risdeard** reamhuir . a mheill chrisdearg cháileamhuil.

110. **MAGHNAS**, do Mhaghnas, mac Maghnais, mac Maghnasa, na Maghnais, dona Maghnasaibh, meic[8] na Maghnas, meall[9] Maghnasa.

Maghnas[10], Muirgheas, Fearghas, Aonghas, Flannchadh[a], Anmchadh, Murchadh Morchadh, Donnchadh, [Dúnchadh P], inann ghabhaid[11]. [12]na Maghnasa .l., ní .c. aca acht a n-anmanna illraighthe uile go gearr[12].

[ab]Ní maithfi lógh h'értha a **Aonghus**[13] . ní mór érfa énfear.
[a]Slat agus í dh'úir pharrdhais[14] mac **Maghnais** *rí Dhúin Durrlais.*
Samhail Síl **Anmchadha** a n-ágh . um gríbh n-armthana n-Imdhán[15].
Ar Mhuighe Learga ní lamhthair . suidhe sealga ó **nAnmchaidh** é.

[*Not in CC*[2]]

Bás **Murchadha** ceand a ceand . leam is urchradha Éireann.
[a]Mac **Maghnusa** ag tríall atúaidh . úaim na Samhnasa ar fiadh bhFáil.
[a]Caidhe fear dúas **Donnchadha** . súas an feadh do fionnfuidhea.
[a]Amhghar gan an fear feasa . seal re marbhadh **Muirgheasa.**

[1] marbh C[2]P, gon H [2] Ainnriara C
[3] Naimh[mhias C, Naoimhias C[2], Nemhías P [4] tárrla C
[5] mud C[2], fad P [6] Iarial C
[7-7] *add.* C[2] *on upper marg.* [8] mic H
[9] íar H, gan P [10] *om.* C [11] íatt H, íad P
[12-12] l. anmanna fada illraigthe acco mar atáit na Maghnusa *etc.* HP
[13] Aonghais C[2] [14] fpairrghais C, fparrdhais C[2]
[15] nimghan C

111. [1]**EOCHAIDH,** d'Eochaidh, mac Eochaidh, mac Eochadha, na hEochaidhe, dona hEochaidhibh, meic[2] na nEochaidheadh[3], marbh[4] Eochaidhe.

Eochaidh Éachaidh, Oilill, búachail[a] búachaill, Gofraidh[5] Gafraidh[5], Seafraidh[a 5] [Séfraidh C²P, Cathfaidh HP], [a]inann ghabhaid munab[6] grána mac an bhúachala[a].

Dá tí **Gafraidh**[5] tar Láoi a le . sgarfaidh ar cáoi re chéile.
Sgagtha *roimhe ní rabha* . dalta[7] *croidhe* **Cathbhadha.**
[ab]Biaidh tar éis **Séafradha** suim . a éanchomha um Chéis Coruind.
[ab]Toirthe gég bhıúaigh na Banna . do thréd ag búain **bhúachalla.**
Ní ḟoil bhoin ar breith **bhúachail** . gu reich soir gu seannLúachair[8].
[a][Fáiltighim ret ḟód a ḟuinn[9] . ón sáiltirim bróg **búachuill.**][10]

[*Not in C C²*]

A ndubairt bean **Oilill** Ḟinn . gidh eadh ní ḟoilim[11] dh'Oilill.
Sibhal achaidh ḟóid Bhanna . do dathaig bróig **mbúachalla.**
[a]Nocha fear mar soin **Seafruidh** . ní bhean bhoin do bhaintreabhthuigh.
[a]Ar a n-eachuibh eabhuid ḟíon . ní leanuid Síol **Éachuidh** d'ól.

112. **FÍACHAIDH,** d'Ḟíachaidh, mac Fíachaidh, na Fíachaidhe, dona Fíachaidhibh, meic na bhFíachaidheadh, marbh[12] Ḟíachaidhe.

Fíachaidh, Rúaidrí, Flaithri, Eachrí[13], Filib[14] Pilib, Conaing, Ėnrí, Muiris Moiris, Teabóid, Gearóid, Lúibhrinnt, Eóin, Amhlaíbh, bicáir, sgoláir, pulláir[a 15], macáimh macáeimh, léghóid légháid, Félim Féidhlim Fedhlim Félimidh Feidhlimidh Fedhlimidh[16], fáidh fáith, mí .f., ré .f., dé lúain, [a]inann ghabhaid uile 7 crobhaing .f. na Rúaidríe as .c. ann .l. bile do rinn ris 7[17] a leithéid eile mar sin[a]. búachail inann 7 Fíachaidh.

[*Only in P*]

Lochluinn Lachluinn, Feircheirt, brúiling, deochuin, faichideochuin, ré (an aieóir), sé, trí (an ḋísle) achd canamhuin aca.

---

[1] Gofraidh H, Gofruidh P [2] mic H [3] neoh*aidh*eadh C
[4] gan P [5] -igh C [6] manab C, muna C²P
[7] cro *add.* C [8] seanchrúachuin P; H *gives the couplet in* § 112
[9] re fod an fuind C² [10] *add.* C² *in marg. inf.*, *also in* P
[11] fuil- H [12] meall C², gan P [13] Echri H, Eichri P
[14] Filip C [15] pollá·r P

[16] Feilim Feidhlim Féilimidh (d *deleted before* l) Fedlimed (*first* d *added above*) .c. Feidlimidh Feidhlim .l. C²; Feilim Feidlim Féidlimidh (*first* d *added above*) Feidlimidh coir na ceathrar F......idh .l. araen H; Félim Feidhlim Féidhlimidh Feidhlimidh .c. Féidhlim Féilimidh .l. araon 7 adearar gurab .c. Féilimidh o doniathur dan air P

[17] *om.* C² no P

Is mairg ḟear lerbh inmhain i . do bean don irgail **Eachri.**[1]
[ab]Sgibais an luing luchtmair[2] láin . suidhis an milidh **macáimh**
[ab]ar an tileadh ndlúith nderidh . múich gaċh fileadh íslighidh.
[ab]Tug an duine maith na **macaimh** . ar ḟlaith Mhuighe slatṡáoir[3] Sainbh.
[ab]Ní fúair fian Chairn a cáineadh[4] . ríamh gu maidhm a **macáimheadh**[5].
Tú a **Ḟéidhlimidh** isin[6] earrach . rod[7] béilbhinnigh[8] teallach Táil[9].
[a]Bean **Ḟéilimidh**[10] ni ḟeich[11] i . dí gu breith léighindḟir lé.
[ab]Congna dá aithle gan éinbhinn . ombna gairthe i **Ḟéidhlim** air[9]
Tugsad **fáithi** róibh[12] robhadh . dóibh gu[13] táithi ag timsughadh.
[b]Do bhí an Ḟinn na hoilénaibh . ar cind an **mhí** mheadhónaigh[14].
[b]Tuilleadh **ré** reagar a leas . ní ḟedar nach é m'aimhleas.
[ab]Gé thug féin risin mbreith bhóid . a breith nír léir don **léghóid.**
[ab]**Lúibhrint** is a lámh re[15] gheinc[16] . lán ón tsrúimhgeingc lámh **Lúibhrinnt.**
[ab]Do gheabh le **sgoláir** don sgoil . bean ag nach bhfoil ogháil[17] air.

[*Not in* CC^2]

Más d'Éirind tú tárrabhair[18] . crú **Ḟélim** fa énḟoluidh.
Ní fuigthi an t-áth gan **Ḟeidhlim** . seinnlinn gnáth chuirthi in chomlainn.
[b]Bean dá coimge a comlannuib . do lean d'oighri **Ḟeidhlimidh** .c. uili.
[b]An tráth fa tig **Féilimidh** . tig an t-áth ag énurruidh .c.
(. .)m[19] .l. 7 .l. éinlind ris.

[*Only in P*]

Ní fiú fiacha bó dar mbúaibh . ón ló do-chúaidh **Fiacha**[20] fúinn.
Ar n**Éinrine** thrithe atúaidh . d'úaim chriche féirmhine Fáil.
Gé bheach **Éinri** úadh[21] dom ȯógra . trúagh nach éinri ar Ḟódla é.
Conuing Ó Longáin do ling . a roluing Mhongáin mhéirṡing.
Rún eachdra fa **Ḟilib** féin . ná sirid géill teachda a ttír.
Leabtha **Gearóid** feadh foghla . colbha sreabh ṡeanḟóid Ṡadhbha.
A **Theabóid** a chnú chroidhe . tú ad bheagóig as báoghluighe.
Fúair do mhín ḟóid **Ḟeidhlimidh** . tír nach dá chóig comhrannuibh.
Re feadh a héinṡillidh air . bean le **Féilimidh** fíomhaidh.

113. **CROBHAING**[22], don chrobhaing, méd an chrobhaing, méd na crobhainge, na crobhainge, dona crobhaingibh, méd na gcrobhaingeadh[23], íar[24] chrobhainge.

---

[1] Echri C^2, Eichri P [2] luchtmar C [3] slatair C
[4] gcaoineadh C^2 [5] macaoimeadh C^2
[6] san C^2, isan H, tresan P [7] do HP [8] -idh C
[9] .l. *add. later* C^2
[10] Feidhlimidh C, Ḟei . . limidh (*with erasure*) C^2
[11] do ḟeith P [12] roimh C, róimh C^2P [13] ga C^2H, ge P
[14] mheaghonaidh C [15] fa a C^2 [16] gheigc C
[17] ḟag- C^2 [18] tárabair H [19] *illeg. read* Féidlim
[20] *This form belongs to* § 2 *or* § 123 [21] úaidh P
[22] Leithéid HP [23] *sic* C^2, crobaing C
[24] boing C^2, dena (íarr) leithéide HP

Crobhaing, leithéid. dulainn, colaim calaim, rádhaing[1], amuisc, toirrchim, sgárrlóid, Trínóid acht gan illrughadh aici, inand ghabhaid.

[ab]Tú gan chinaidh a colainn . cnú **chrobhaing** idhain t'anaim[2].
A Áedh Í Thoirchirt ná tréig . mise ná mac mo[3] **leithéid.**
[a]Is caite[4] a Dhé **dulainn** ris . ar fulaing mé do Mhuiris[5].
[a]Mas fír ar labhrais [b]fan luing . rim[b] ó chíanaibh ar **Colaim**[6]
[ab]oighidh[7] na mbeach tre bheach díbh . doiligh an bhreath a Bháoithín.
[a]Tugadh tobar trí mbuinde . dí lé cogar **colaime.**
[ab]Adhaltras fear na cruinde . ní hí cland na **colaime**[2].
Colg sean do úaigh[8] re[9] árainn . dar gheal **rádhaing**[10] n-úair n-iarainn.
Tresan **rádhaing** neamhdhubh nél[11] . dealradh álainn san aiér.
[a]Feadh **toirrchim** fir finnEórpa . sibh a n-oirchill imbúalta[12].
[b]Ga seadh[13] dhuit bróg na bánbróig . bruit **sgárlóid** fód ar fínġráid.
[ab]Lór do dhuine um an ndigh gcuisg . cruine in fir um an **amuisc** .c.

[*Not in* CC[2]]

Gan chnaí dhá toraidh a tuind . íai acht ar chomair a **crobhuing.**

114. [14]**RICARD,** do Ricard, mac Ricard, mac Ricaird, Ricaird, do Ricardaibh, [15]meic Ricard, meall Ricarda[15].

Ní háil[16] abhac ní háil[16] bard . ó do-cháidh ramac **Ricard.**

115. **SEAMAIR,** don tseamair, méd na seimre, [18]inann 7 seamar ó ṡin[17] sis[18].

Seamair, aír, gaís[ab], glúais[ab], geis, congar[ab] mar sin [achd gurab casadh do-ní seamair P].

Áora ní díghaltas damh . fírolcas Áodha an t-adhbar.
[ab]Sáorchlann leis[19] nar slondadh brég . **congar** gég fan[20] áonchrann óg .c.

116. [21]**BEAN TRÓCAR,** don mnaí thrócair, mac na mná trócaire, na mná trócara, dona mnáibh trócara, meic na mban trócar, íar[22] mná trócara.

---

[1] raghaing C [2] *couplet erased in* C[2]
[3] na mo mac H, no mo mac P [4] Nior chaithte P
[5] mhoiris C[2], oir ni chumuing mé Muiris P
[6] a Cholaim C, arsa coluim P [7] Boing (*sic*) C
[8] fúaigh C[2]HP [9] re a C[2]P [10] radhainn CC[2]
[11] nell C[2]HP [12] imualta C [13] Cuma H
[14] *om.* HP [15-15] 7 mar sin C [16] ail C
[17] sin C[2]H
[18-18] na seamra dona seamruibh med na seamar gan tṡeamra P
[19] ris C[2] [20] fa C[2]
[21] *om.* H, Bean labhar P [22] guidh C[2], gan P

[b]Bean trócar, bean treabhar, bean ṡeasgar[1], bean ṡádhal[2], bean díchar[b], bean labhar, bean ḟalamh, bean ḟolamh, bean ṡleamhan, bean ṡleamhain, [b]bean mhidhchar[3], bean ḟann[b], bean ḟinn, [b]bean leasg, bean trócair[b], [bean reamhar P], inann íad.

[b]Ó glanDálaigh gu laídh[4] leis . don chraíbh mhallṡádhail[5] mhilis.
Ar ghuth Muire atá toradh . lá na n-uile **amhlabhar.**
Is **laibhre** na linn is doimhne . rinn sgairbhe is ní doilge a dul[6].
[b]Cích Bhregh a brón do bheanfadh . an deachmhadh fear mór **midhchar**[7]

117. [8]**BEAN TREABHAIR,** don mnaí treabhair, mac na mná treabhaire, na mná treabhaire, dona mnáibh treabhaire, meic na mban treabhair, íar mná treabhaire.

Bean treabhair, bean ṡeasgair, [bean ṡádhail C[2]], bean díchair, bean michair[9] inann ghabhaid. treabhair ón glicas atá.

1880 Ní dhénaim ní ar neach . do-ní neach as ó[10]
ní **treabhair**[11] atú . ga meadhair[12] is mó? [13]Dondchadh Mór .cc.[13]

118. [14]**BEAN UMHAL,** don mnaí umhail, mac na mná umhla, na mná umhla, [15]meic na mban n-umhal, sir mná umhla.[15]

Bean umhal, bean ullamh, bean ollamh, bean eallamh, bean ogal, bean chunnail, bean chunnaill, bean measg, bean tirim [bean tírim, bean tirm C[2]], inann ghabhaid. meic na mban tirm as cóir ann. gach táoibhréim illraidhe dhíbh ag freagra a anma úathaidh féin mar sin.

119. [14]**BEAN OGLA,** bean urusa, bean orasa, bean usa, bean osa, bean cunnla, bean mheasga, inand íad.

120. [16]**CAITHIR,** don chaithir, don chathraigh, méd na cathrach, [méd na caithreach P], na cathracha, dona cathrachaib, méd na cathrach, íar[17] chathracha.

Caithir,[18] naithir, inonn.

[b]Ón **chaithir** ar ceann a sgél . dream nar aithin in t-oilén.
Fúarais ag léim chluidh **chathrach** . guin **nathrach** is béim beithreach.

---

[1] tṡeasgar C
[2] ṡaghal C
[3] mhichair C
[4] laigh C
[5] mhall-ṡagail C
[6] dol C[2]
[7] michair C
[8] *om.* HP
[9] michair C, miodchair (d *added above*) C[2]
[10] só C[2]
[11] treabhar C
[12] meadhar
[13-13] *sic* C[2], d. m. C
[14] *om.* HP
[15-15] 7 mar sin sís C
[16] *om.* H
[17] dena C[2], gan P
[18] caithair C

In ned i mbí in **naithir** neimhe . craithidh ií Eine na ucht.
Cathair ag cúan[1] gach luinge . súan re hathaidh[2] orainde .l.

[*Only in P*]

San **chaithir** a ccrú an asuil . braithidh lasair thú ar tosaigh.

121. [3]**URSA**, don ursain, don ursainn, méd na hursan,[4] méd na hursann,[4] méd na hursainne,[4] na hursain,[4] na hursana,[4] na hursanna,[4] dona hursanaib,[4] dona hursannaib,[4] méd na n-ursan, méd na n-ursann, íar[5] ursana 7 ursanda.

Ursa orsa (.c. a síneadh lais[b] HP], pearsa, comharsa, rélta rélda [rélla C²H], drithle, inann [ghabhaid C²] acht na drithlind .l. [na comharsuinn .l. a leithéid eile mar sin ar an cceinél sin P].

Bric as dobarchoin do dúinsi . **comharsain** dá chéili.
[a]Rí Mis acht gér dorcha dhó . do bhris ortha **ursana** .c.
(ursanda .l.)
[ab]Bíaidh Deasmhumha fa chloinn Caimh . **pearsana** nár thoill tathair.
[a]Brath righ gan[6] **réllaind**[7] cédna . rélda[8] gníomh Émainn d'fógra.
Móra mh'ocht[9] coire[10] cheana[11] . gur bháidhe[12] Día a **ndrithleana**.
[Cruth na bfearsoin dá bféchtha . **pearsuin** mar na Puiércha.][13]

[*Not in CC²*]

Pearsana nách geall re guth . dá chend easnamha Ullturb.
A fuil gun re ón **réllain** . béraidh sé ó fuil Eóghuin.
[b]Tathamh édrom ar láech Lúain . ga bhúain le fráech **réldand** reóidh.

122. [14]**LUGHAIDH**, do Lughaidh, mac Lughaidh, mac Lughdhach, mac Luighdheach, [mac Lughadha C²], Lughaidhe, do Lughaidhibh, meic Lughaidheadh, marbh[15] Lughaidhe.

Menic sin a leac **Luighdheach** . Muimhneach leat do thig Theamhrach.
Indis ród a lia **Lughaidh** . cía dan[16] cubhaidh fód fuinidh.
Gó táoth do ghiáin na gona . an láoch do láimh **Lughodha**.
Turriach na mbruighél gan bú . cú chuilén ó **Lughdhach** leó.

123. [14]**FÍACHA**, (ghuirt gu n-úathadh), d'Fíachaigh, mac Fíachach, Fíachaigh, d'Fíachachaibh, meic Fíachach, marbh[17] Fíachacha.

Eocha, Fíachra mar [18]as .c. an dá ainm sin eile.[18]

---

[1] accúan P [2] athair C [3] Comharsa HP
[4] ursan *etc.* C [5] fech C², gan P [6] gun C², san P
[7] relaind C [8] redla C [9] mor anocht CC²P
[10] cóir P [11] ar gceana CC², ar cceana P
[12] go mbáithe P [13] *add.* C² [14] *om.* HP
[15] meall C² [16] dana C [17] mol C² [18-18] sin C²

Smúainis Dá Thí taisdeal tonn . don righ ga haisdear[1] nárbh ḟearr
dar grís an fuil **Ḟiachrach** ann . clann **Ḟiachrach** tar mir do mheall.[2]

124. [ab]**CLÚAIN RÁMHḞADA,** do Chlúain Rámhḟada, fonn Clúana Rámhḟada, .l. illradh aici gach clúain 7 gach coill 7 gach móin chomhleanmhana mar sin.

Aighthi soillsi an chatha ó **Chlúain** . toirrsi ag búain a datha dhibh.
(.c. inonn [3] 7 ainm coimleanmana.[3])
Ar in ngréin do ḟóir an úir . ar ṡúigh don chéir fa **Mhóin** Móir.
Aighthe learg aniar um nóna . do dhearg grían fa **Mhóna** Móir .l.

125. [4]**DUBH EASA,** do Dhuibh Easa, mac Duibhe Easa, Dubha Easa, do Dhubhaibh Easa, meic Dubh nEasa, íar[5] Dhubha Easa.

Dubh Easa,[6] Dubh Chabhlaidh, Dubh Chabhlaith, a n-onn[7] leis íad mar sin.

Atá um gharrdha muine measa . marbhna **Dhuibhe Easa** and.

126. [8]**MUIRE ÓGH,** do Mhuire Ógh, Mac Muire Ógh, ó Mhuire Mhaighdean, .l. illradh aici.

Muire Mhaighdean, Muire Mháthar, ó Mhuire Mhaighdean inand íad.

A thrénlámh in uile[9] ḟear . a énghrádh **Muire Maighdean.**
(.l. 7 ní ón[10] chéill sin.)

127. [8]**BEAN ḞAGAS,** don mhnaí ḟagais, mac na mná faigsi 7 faisge, na mná faigsi 7 faisge, dona mnáibh faigsi 7 faisge, meic[11] na mban bhfagas, íar[12] mná faigsi 7 faisgi.

Bean ḟagas, bean ḟogas, bean ḋíleas, eaglais, inand íad acht gurb é méd na n-eaglaiseadh 7 na n-eagailseadh as cóir and ar a taíbhréim illraidhe.

Faisge inà t'feóil 7 t'fuil . a Eóin Baisde dod bhráthair.
Ní dá báis do bí an broidsi . **foigsi** an pháis[13] di ná duidsi.
Dóigh[14] teacht a heagairsi as . ceart na **heagailsi** íaras.[15]
Do nocht cosmail do choisi . bocht a n-orsain eglaisi.[16]

---

[1] aisdear C [2] Geall uaim . . . *add.* C² [3-3] *om.* C
[4] *om.* H [5] buail C², meall P [6] *om.* C
[7] inand C, Dubh Chobhluigh Dubh Chabluigh P
[8] *om.* HP [9] na nuile C² [10] ho an C²
[11] mic C [12] sir C² [13] pais C, fpais C²
[14] Doich C² [15] iarr*us* C² [16] eagailsi C

128. [1] **FÉGH FA LIGHE**, d'Fégh fa lighe, mac Fégh fa lighe, Fégha fa lighe, d'Féghaib la lighe, meic [2] Fégh fa lighe, íar Fégha fa lighe.

Fégh fa lighe sa lí ar gris . aris di ní gile an ghéis.

129. [3] **ROÍLINN**, [4] do Roílinn, fonn Raíleann, fonn [5] Roílinne. [Ráoileann P], Frémhann Mhidhe, Foinseann (acht illradh aici [6]), Málann, Manann, inann íad.

Gé [7] íarfaighear is leasg leam . sgéla deimne ó righ [8] **Roíleann**.

130. [1] **EAGLAS**, don eaglais, méd na heaglaisi, [9] méd na heagalsa, [9] na heaglasa, [9] dona heaglassaibh, [9] dona heagalsaibh, [9] méd na n-eagalsadh, méd na n-eaglas, íar [10] eagalsa 7 eaglasa. [11] méd na n-eagalsa .l. [11]

Bró leabhar mbúadha ad bhraghsa [12] . trealamh úama [13] **eagalsa.**

131. [14] **GÚALA**, don ghúalainn, méd na gúalann, na gúaille, dona gúaillibh, méd na ngúalann, méd na ngúailleadh, íar [15] ghúailli.

Gúala, úala [ó éinchéill P], Ára [na naomh acht gan iollradh aice P], brágha bráighi [ionann 7 gúala achd duir orra P], fiche, [16] gobha gabha acht síad .df. inann ghabhaid.

[b]Do chuidigh [17] bean bruit úaine . **gúailli** [18] cnuic ar fear nÍle.
Ní beanfa ar [19] snámh a chráobh Chúalann . do lámh re táobh **úalann** t' [20] eich.
Fear na litri ón ló nach mar . na **fichdi** bó ní bronntar.
[b]Sreabh re **húalainn** [21] eich Maghnais [22]

[*Only in P*]

Goibhne an úair fa n-imdhighe . ag coimhdhe ghúail Ghallbhaile.
Tú ghébhus an longPhort Láirge . longphort bhérus **bráighde** a broid.

132. [14] **BEAN FORTAIL**, bean fortaill, bean fartail, bean fartaill, bean foirtil, bean foirtill, ben fairtil, bean fairtill, inann [23] íad. cháola [ar a gcomhair C [2]] acu.

---

[1] *om.* HP [2] mic C [3] *om.* H [4] Raoileann C[3]P
[5] funn C [6] da n-iomarcaidh na fuinnsionna an t-iollradh *add.* P
[7] Gidh C[2] [8] riogh P, ó ri C [9] eaglaisi, eagalsa *etc.* C
[10] saor C[3] [11-11] *om.* C[3] [12] bhrughsa B[2]
[13] uamha C, *corr. to* uama C[3] [14] *om.* H [15] bris C[2]P
[16] fich C [17] -idh C [18] guaile C [19] ag P
[20] *om.* C [21] uainn C [22] *unfinished* CC[2]
[23] a n-ailm 7 a n-ai. mar sin P

[b]Ní bí ar filidh[1] gu **fartail**[2] . a ri an chinidh Chonnachtaigh.
[.l. 7 ní ón chéill sin C[2]]
Banbha a coitchinne ga[3] chloinn . gabhla **foirtille** fulaing.
[b]Sgai creabhar nach **foirtill** bfeadhma . feadhan[4] droichcinn[5] fedhna[6] iad.

133. [7]**LUCH,** don lochaidh, méd na lochadh, na lochaidh, dona lochthaib, méd na lochthadh, íar[8] lochtha.

Tadhg ar tús táinic dar tig
an tosach. Muirfead ál na hóglochadh .l. do dhúnadh air. Muirfead ál na seanlochthadh .c. ón taibhréim.[9]

134. [7]**DARBH DÁEL,** don darbh dáel, méd an dairbh dáel, na dairbh dáol, dona darbhaibh dáel, méd na ndarbh ndáol, íar[10] dharbha dáol.

Gráin ag gabháil an **dairbh dháoil** . le[11] hanáil t'airm a Amhlaibh .l.

135. [12]**CORÓIN SPÍN,** don choróin spín, méd na coróna,[13] med na coróine spín .l. illradh aici.

Bó innláoigh, bean infir mar sin acht na ba indláoigh[14] 7 na mná infir 7 mar ghabhaid. coróin spíne, don choróin spíne, med na coróna, méd na coróine spíne.

136. [15]**BEAN BHLÁITH,** don mnaí bhláith, mac na mná bláithi, cáol uile.

Bean bhláith, bean mhín, bean náir, lámh dheas,[16] bean chéillidh, bean chíallaidh, bean éidigh[17] (ón ghráin), bean édaidh[18] (ón éd), bean ésgaidh, bean éisgidh, inand íad gin gu comfada. cirt cháola aca uile.[19]

Do mhnai nach biadh cundaill[20] **cíallaidh** . nír chiall urraim d'iarraidh ort.
